**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2024/2084(INI)**

3.12.2024

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta do 2025
(2024/2084(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Maravillas Abadía Jover

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: tosaíochtaí fostaíochta agus sóisialta do 2025**
**(2024/2084(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 9 agus 149 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Samhain 2024 dar teideal [Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2025] (COM(2024)XXX),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an XXX 2024 maidir le tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle (COM(2024)XXX),

– ag féachaint do mholadh ón gCoimisiún an XXX 2024 maidir le moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2024)XXX),

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an XXX 2024 dar teideal [Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Samhain 2024 dar teideal [Dréachtphleananna buiséadacha 2025: Measúnú foriomlán] (COM(2024)XXX),

– ag féachaint don dréacht-doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis na hathbhreithnithe atá beartaithe ar Scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha i gcomhthéacs an phróisis athbhreithnithe rialta (SWD(2024)XXX),

– ag féachaint don rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2024 ar an seasamh ón gComhairle ar Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh 4/2024 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 – nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe[1],

– ag féachaint do thuarascáil Mario Draghi ar thodhchaí iomaíochas na hEorpa (2024),

– ag féachaint do thuarascáil Enrico Letta ar thodhchaí an mhargaidh aonair (2024),

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2024),

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2024)0024.

A. de bhrí go bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo spriocanna fostaíochta an Aontais a bhaint amach in ainneoin na héiginnteachta a chruthaíonn cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus thionchar an bhoilscithe aird, agus de bhrí go raibh an fás san fhostaíocht san Aontas fós láidir in 2023, cé go bhfuil rátaí arda dífhostaíochta, go háirithe rátaí dífhostaíochta i measc na hóige, fós ann i roinnt Ballstát, mar aon le héagothromaíochtaí suntasacha idir earnálacha agus réigiúin, a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar chomhtháthú sóisialta agus ar dhea-bhail shaoránaigh na hEorpa san fhadtéarma;

B. de bhrí go bhfuil tionchar mór ag dúshláin dhéimeagrafacha, lena n-áirítear daonra atá ag dul in aois, rátaí ísle breithe agus bánú na tuaithe, ar inbhuanaitheacht na gcóras leasa shóisialta agus, dá bhrí sin, gur dúshlán struchtúrach iad do gheilleagar an Aontais, agus de bhrí, mar a chuirtear i bhfios go láidir i dtuarascáil Draghi, go bhfuil fás inbhuanaithe san Eoraip ag brath cuid mhór ar chuimsiú an daonra ghníomhaigh i margadh an tsaothair agus ar chóras láidir leasa shóisialta;

C. de bhrí, i dtuarascáil Letta, gur saoth leis an laghdú ar an ráta breithe, ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé creat a chruthú chun tacú le gach teaghlach mar chuid de straitéis fáis chuimsithigh agus ag cur béim ar an ngá atá le beartais maidir le cothromaíocht teaghlaigh agus oibre is saoil a chur chun cinn;

D. de bhrí go bhfuil méadú déanta ag an mboilsciú ar an ualach atá ar theaghlaigh, agus go bhfuil costais tithíochta agus bochtaineacht fuinnimh fós ina bhfadhbanna móra;

E. de bhrí go bhfuil ganntanas saothair agus scileanna fós ina bhfadhb ar gach leibhéal, rud atá níos measa mar gheall ar easpa iarrthóirí chun poist chriticiúla a líonadh i bpríomhearnálacha amhail an t-oideachas, an tsláinte agus an tógáil, go háirithe i gceantair atá buailte ag an dídhaonrú;

F. de bhrí go bhfuil baol méadaithe bochtaineachta agus eisiata shóisialta ann mar thoradh ar an ngéarchéim maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus an droch-rochtain ar sheirbhísí poiblí, rud a dhéanann difear go háirithe do leanaí agus do dhaoine scothaosta;

G. de bhrí nach mór dul chun cinn sóisialta a dhéanamh san Aontas ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí cobhsaíochta chritéir Maastricht, lena n-áirithítear nach gcuirfidh comhtháthú eacnamaíoch leis na neamhionannais idir na glúnta agus na réigiúin;

1. á mheas gur cheart don Choimisiún agus don Chomhairle leanúint de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, i gcomhréir le plean gníomhaíochta mhí an Mhárta 2021;

2. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé tacú le forbairt scileanna sa lucht saothair chun iomaíochas a fheabhsú agus fostaíocht ardcháilíochta a áirithiú; ag tathant ar na Ballstáit an ghairmoiliúint agus an oiliúint dhigiteach a neartú agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa lucht saothair á chur chun cinn ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus chun tacú le comhdheiseanna i margadh an tsaothair, ós rud é, cé go bhfuil feabhas ann, go bhfuil bacainní suntasacha fós roimh dhaoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí sonracha maidir le hinacmhainneacht tithíochta a áireamh sa Seimeastar Eorpach agus infheistíocht tithíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta; á mheas gur cheart don athbhreithniú ar chreat rialála an Aontais don earnáil tithíochta tógáil tithíochta atá inrochtana agus tíosach ar fhuinneamh a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine óga a éascú, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus teaghlaigh atá i mbaol, chomh maith le húinéirí tí a chosaint ar laghdú an tsoláthair tuilleadh;

4. á iarraidh go ndéanfaí plean gníomhaíochta Eorpach i gcás na meabhairshláinte a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na moltaí is déanaí ón gCoimisiún[2]; á iarraidh go dtabharfaidh an Seimeastar Eorpach aghaidh ar thionchar socheacnamaíoch an uaignis ar tháirgiúlacht agus ar dhea-bhail trí straitéis an Aontais a chur chun cinn lena dtabharfar aghaidh ar uaigneas neamh-inmhianaithe lenar féidir, dá réir sin, dlúthpháirtíocht idirghlúine a chothú agus cláir tacaíochta mothúchánaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta scothaosta a neartú;

5. á iarraidh go gcuirfí chun feidhme beartais lena gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn, agus é mar aidhm leo cáilíocht saoil a fheabhsú do gach teaghlach; á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh chun cárta Eorpach a chruthú do theaghlaigh mhóra agus plean gníomhaíochta Eorpach do thuismitheoirí aonair, lena dtairgfear buntáistí cánach, oideachais agus sóisialta;

6. á iarraidh go dtabharfaí tús áite do dhúshláin dhéimeagrafacha i mbeartas comhtháthaithe an Aontais agus go mbeadh a thábhacht comhionann leis an gComhaontú Glas agus leis an Straitéis Dhigiteach; á iarraidh ar an gCoimisiún 'Bliain Eorpach na Déimeagrafaíochta' a dhearbhú agus dlús a chur le cistiú do réigiúin ina bhfuil ráta ard dídhaonraithe, lena dtacaítear le tionscadail forbartha áitiúla agus le bonneagar bunúsach atá i bhfabhar 'ceart fanachta' an daonra;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tosaíocht a thabhairt do laghdú na mbacainní maorlathacha agus fioscacha a dhéanann difear don fhiontraíocht, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta, atá bunriachtanach d'fhás eacnamaíoch agus d'iomaíochas an Aontais, agus, dá bhrí sin, do mhaoiniú beartas sóisialta; á chreidiúint go gcuirfidh tacaíocht níos fearr d'fhiontraithe, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, feabhas ar iomaíochas an Aontais, go gcuirfear borradh faoin nuálaíocht agus go gcruthófar poist ardcháilíochta; á iarraidh go práinneach go gcuirfí moltaí sonracha chun feidhme chun an margadh aonair a chur i gcrích agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú trí ardáin comhpháirtíochta poiblí-príobháidí agus tríd an ngeilleagar sóisialta chun timpeallacht dhinimiciúil ghnó a chothú;

8. á chur i bhfáth gur gá comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a chothú chun éifeachtúlacht a fheabhsú i soláthar seirbhísí sóisialta bunriachtanacha, amhail an t-oideachas, an tsláinte agus cúram sóisialta;

9. á iarraidh go dtabharfaí deis do na Ballstáit, i mbliain seo an aistrithe, le cur chun feidhme rialacha athbhreithnithe maidir le rialachas eacnamaíoch, freagracht fhioscach a

[2]Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte (COM(2023)0298).

ailíniú leis an bhfás inbhuanaithe, agus ag tabhairt dá haire gur cheart tosaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht fiachais i bpleananna fioscacha meántéarmacha agus infheistíocht straitéiseach á déanamh san oideachas, sa chúram sláinte agus sa tithíocht ag an am céanna; á chur i bhfáth go bhfuil comhar idir eintitis phoiblí agus phríobháideacha ríthábhachtach chun acmhainní a bharrfheabhsú agus chun úsáid bhreithiúnach cistí poiblí a áirithiú; á mheas gur cheart moltaí tírshonracha a chur chun feidhme go héifeachtach chun córais pinsin phoiblí inbhuanaithe agus cúram sláinte a chur chun cinn agus gur cheart iomaíochas agus rathúnas fadtéarmach a chothú do gach saoránach;

10. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na hathbhreithnithe ón gCoimisiún ar Scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, go háirithe an laghdú ar tháscairí fostaíochta agus sóisialta, atá ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar an staid shóisialta sna Ballstáit;

11. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a shainaithnítear sa Scórchlár Sóisialta mar dhúshláin 'chriticiúla' agus 'a bhfuil faireachán le déanamh orthu', lena n-áirítear cúram leanaí, an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, tionchar na n-aistrithe sóisialta ar an mbochtaineacht a laghdú, agus bunscileanna digiteacha[3];

12. á iarraidh go ndéanfaí feabhsuithe ar an Scórchlár Sóisialta trí tháscairí a thabhairt isteach lena léirítear treochtaí agus cúiseanna neamhionannais, amhail fostaíocht ardcháilíochta, dáileadh rachmais, rochtain ar sheirbhísí poiblí, pinsin leormhaithe, meabhairshláinte agus dífhostaíocht; á mheabhrú go dteipeann ar tháscaire riosca na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta (AROPE) cúiseanna an neamhionannais chasta a nochtadh;

13. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[3] Togra le haghaidh tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle (COM(2023)0904).